



Uimhir 4 de 2004

An tAcht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 4 de 2004

**AN tACHT CAIDRIMH THIONSCAIL (FORÁLACHA
ILGHNÉITHEACHA), 2004**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Léiriú
2. Leasú ar alt 2 d'Acht 2001
3. Leasú ar alt 3 d'Acht 2001
4. Leasú ar alt 10 d'Acht 2001
5. Foráil idirthréimhseach
6. Teorainn le feidhm alt 2(1)(d) d'Acht 2001
7. Tosaíocht do nithe a ndéileáiltear leo faoi Acht 2001
8. Toirmeasc ar íospairt
9. Gearáin i dtaobh íospartha
10. Achomhairc chun na Cúirte
11. Cumhacht na Cúirte chun daoine a chur faoi mhionn agus iallach a chur ar fhinnéithe
12. Tarchur chun na hArd-Chúirte
13. Forfheidhmiú ag an gCúirt Chuarda
14. Leasú ar an Acht Caidrimh Thionscail, 1990
15. Leasú ar an Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984
16. Aisghairm
17. Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme.

[Uimh. 4.] *An tAcht Caidrimh Thionscail (Forálacha [2004.] Ilghnéitheacha)*, 2004.

NA hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht Féimheachta, 1988	1988, Uimh. 27
Acht na gCuideachtaí, 1963	1963, Uimh. 33
Acht na gCuideachtaí, 1990	1990, Uimh. 33
Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1982	1982, Uimh. 10
An tAcht Caidrimh Thionscail, 1990	1990, Uimh. 19
Na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946 go 2001	
An tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001	2001, Uimh. 11
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984	1984, Uimh. 21
Na hAchtanna um Chosaint Fostaithe, (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 go 2001	
An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 2003	2003, Uimh. 14
An tAcht Ceárd-Chumann. 1941	1941, Uimh. 22
An tAcht Ceárd-Chumann, 1942	1942, Uimh. 23
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2001	



Uimhir 4 de 2004

**AN tACHT CAIDRIMH THIONSCAIL (FORÁLACHA
ILGHNÉITHEACHA), 2004**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ BREISE AGUS FEABHSAITHE
CHUN CAIDREAMH COMHCHUÍ A CHUR CHUN CINN
IDIR OIBRITHE AGUS FOSTÓIRÍ, DO LEASÚ AGUS DO
LEATHNÚ NA nACHTANNA CAIDRIMH THIONSCAIL, 1946
GO 2001, DO LEASÚ AN ACHTA UM CHOSAINT FOSTAITHE
(DÓCMHAINNEACHT FOSTÓIRÍ), 1984 AGUS DO DHÉANAMH
SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[9 Márta 2004]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—(1) San Acht seo—

Léiriú

ciallaíonn “Acht 2001” an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001;

ciallaíonn “Cúirt” an Chúirt Oibreachais;

tá le “fostaí” an bhrí chéanna atá le “oibrí” in alt 23 den Acht Caidrimh
Thionscail, 1990;

ciallaíonn “comhlacht eiscthe” comhlacht eiscthe de réir bhrí alt 6 den Acht
Ceárd-Chumann, 1941 (arna leasú leis an Acht Ceárd-Chumann, 1942).

(2) San Acht seo—

(a) aon tagairt d’alt is tagairt í d’alt den Acht seo mura gcuirtear in
iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe,

(b) aon tagairt d’fho-alt is tagairt í d’fho-alt den fhoráil ina bhfuil an
tagairt mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá
beartaithe, agus

(c) déanfar aon tagairt d’achtachán eile, mura n-éileoidh an
comhthéacs a mhalairt, a fhorléiriú mar thagairt don achtachán
sin arna leasú le haon achtachán eile nó faoi aon achtachán eile,
lena n-áirítear an tAcht seo.

2.—Leasaítear alt 2 d’Acht 2001 tríd an méid seo a leanas a chur in
ionad mhíreanna (a) agus (b) d’fho-alt 1: Leasú ar alt 2 d’Acht
2001

“(a) nach é cleachtas an fhostóra é gabháil do chaibidlí cómhargántaíochta i leith ghrád, ghrúpa nó earnáil na n-oibríthe is páirtí san aighneas ceirde agus gur theip ar na nósanna imeachta inmheánacha chun aighnis a réiteach (más ann) a úsáideann na páirtithe lena mbaineann de ghnáth an t-aighneas a réiteach,

(b) gurb amhlaidh—

(i) gur mhainnigh an fostóir na nithe seo a leanas a urramú—

(I) foráil den Chód Cleachtais chun Aighnis a Réiteach go Saorálach faoi alt 42 den Acht Caidrimh Thionscail, 1990 lena sonraítear an tréimhse ama chun aon ní a dhéanamh (nó foráil den sórt sin d’aon chód cleachtais lena leasaítear nó lena n-ionadaítear an cód sin), nó

(II) aon chomhaontú idir na páirtithe lena bhfadaítear an tréimhse ama sin,

nó

(ii) tar éis don aighneas a bheith tarchurtha chuig an gCoimisiún lena réiteach de réir fhorálacha an chóid sin, nach gcuideoidh aon iarrachtaí breise ar thaobh an Choimisiúin, i dtuairim an Choimisiúin, le réiteach a fháil ar an aighneas agus go mbeidh tuarascáil á rá sin faighte ag an gCúirt ón gCoimisiún.”.

Leasú ar alt 3 d’Acht 2001

3.—Leasaítear Acht 2001 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 3:

“Éisteacht i dtaobh ar comhlíonadh ceanglais alt 2

3.—Féadfaidh an Chúirt aon cheist i dtaobh ar comhlíonadh na ceanglais a shonraítear in alt 2 a chinneadh, de réir mar is cuí leis an gCúirt, le héisteacht roimh imscrúdú na Cúirte faoin alt sin nó mar chuid den imscrúdú sin.”.

Leasú ar alt 10 d’Acht 2001

4.—Leasaítear Acht 2001 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 10:

“Cinneadh a fhorfheidhmiú le himeachtaí sibhialta

10.—(1) I gcás ina mainneoidh fostóir téarmaí cinnidh faoi alt 6 a chomhlíonadh laistigh den tréimhse a shonrófar sa chinneadh chun na téarmaí sin a chomhlíonadh (nó, más rud é nach mbeidh tréimhse den sórt sin sonraithe amhlaidh, a luaithe is féidir tar éis don chinneadh a bheith curtha in iúl do na páirtithe), féadfaidh ceardchumann nó comhlacht eiscthe iarratas a dhéanamh faoin alt seo chun na Cúirte Cuarda ar ordú faoi fho-alt (2).

(2) Déanfaidh an Chúirt Cuarda, ar iarratas chuici chuige sin, gan an fostóir ná aon fhianaise a éisteacht (seachas i ndáil leis na nithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1)) ordú á threorú don fhostóir an cinneadh a chur i gcrích de réir a théarmaí.”.

[2004.] *An tAcht Caidrimh Thionscail (Forálacha [Uimh. 4.] Ilghnéitheacha), 2004.*

5.—(1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le hiarraidh ar imscrúdú faoi alt 2 d'Acht 2001 a rinneadh roimh thosach feidhme *alt 2*. Foráil idirthréimhseach

(2) Maidir le hiarraidh lena mbaineann an t-alt seo, déileálfar léi, ó thaobh a substainte, faoi alt 2 d'Acht 2001 ionann is nár leasaíodh an t-alt sin 2 leis an Acht seo ach i ngach slí eile de réir an ailt sin 2 mar atá sé arna leasú leis an Acht seo.

6.—(1) I gcás nárbh fhéidir leis an gCúirt, mar gheall ar imthosca a bhí ann an 26 Márta 2003 nó roimhe, aighneas ceirde a imscrúdú faoin alt iomchuí, de bhua mhír (*d*) d'fho-alt (1) den alt iomchuí, is féidir an t-aighneas sin, ar thosach feidhme an ailt seo agus dá éis, a imscrúdú amhlaidh, d'ainneoin na míre sin (*d*), ach faoi réir ceanglais eile an fho-alt sin (1) a chomhlíonadh. Teorainn le feidhm alt 2(1)(d) d'Acht 2001

(2) *I bhfo-alt (1)*—

folaíonn “imthosca a bhí ann an 26 Márta 2003 nó roimhe” imthosca a lean de bheith ann tar éis an dáta sin ach a mbeidh scortha acu de bheith ann nuair a thioctfaidh an fhoráil seo i ngníomh;

ciallaíonn “alt iomchuí” alt 2 d'Acht 2001;

maidir leis an tagairt d'fho-alt (1) den alt iomchuí, sa dara háit a bhfuil sí, is tagairt í don fho-alt sin (1) ionann is nár leasaíodh é leis an Acht seo.

7.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach i ndiaidh alt 7 d'Acht 2001: Tosaíocht do nithe a ndéileáiltear leo faoi Acht 2001

“Tosaíocht le tabhairt do ghnó faoin Acht

7A.—Tabharfar cibé tosaíocht ar ghnó eile na Cúirte a mheasfaidh an Chúirt a bheith réasúnach d'imscrúdú faoi alt 2 agus do dhéileáil le hiarraidh faoi alt 6 (ach féachaint don tosaíocht a bhfuil sé de cheangal uirthi, de bhua aon achtacháin eile, í a thabhairt d'aon aicme eile ghnó).”

8.—(1) Tá feidhm ag an alt seo i gcás nach é cleachtas an fhostóra é gabháil do chaibidlí cómhargántaíochta agus gur theip ar na nósanna imeachta inmheánacha chun aighnis a réiteach (más ann) a úsáideann na páirtithe lena mbaineann de ghnáth an t-aighneas a réiteach agus— Toirmeasc ar íospairt

(a) go ndéanfaidh ceardchumann nó comhlacht eiscthe bearta chun na nósanna imeachta faoin gCód Cleachtais chun Aighnis a Réiteach go Saorálach faoi alt 42 den Acht Caidrimh Thionscail, 1990 (nó faoi aon chód cleachtais lena leasaítear nó lena n-ionadaítear an cód sin) a agairt i ndáil le haighneas ceirde, nó

(b) go mbeidh na nósanna imeachta sin agartha ag ceardchumann nó comhlacht eiscthe i ndáil le haighneas ceirde, nó

(c) go mbeartóidh fostaí a iarraidh ar an gceardchumann nó ar an gcomhlacht eiscthe ar comhalta de an fostaí iarraidh a dhéanamh faoi alt 2 d'Acht 2001 i ndáil le haighneas ceirde, nó go mbeartóidh ceardchumann nó comhlacht eiscthe iarraidh den sórt sin a dhéanamh, nó

(d) go mbeidh iarraidh den sórt sin déanta ag ceardchumann nó comhlacht eiscthe ach go gcinnfidh an Chúirt nár comhlíonadh na ceanglais a shonraítear san alt sin chun imscrúdú a dhéanamh ar an aighneas ceirde, nó

(e) go gcinnfidh an Chúirt gur comhlíonadh na ceanglais sin agus gurb amhlaidh—

(i) go bhfuil an t-imscrúdú sin á dhéanamh nó déanta, nó

(ii) go bhfuil aon nós imeachta eile faoi Acht 2001 de dhroim an imscrúdaithe sin nó dá éis á dhéanamh nó déanta.

(2) I gcás ina mbeidh feidhm ag an alt seo, ní dhéanfaidh aon duine díobh seo a leanas—

(a) an fostóir,

(b) fostaí, nó

(c) ceardchumann nó comhlacht eiscthe ar comhalta de fostaí,

íospairt a imirt ar fhostaí nó (de réir mar a bheidh) ar fhostaí eile san fhostaíocht lena mbaineann—

(i) toisc an fostaí a bheith nó gan bheith ina chomhalta nó ina comhalta de cheardchumann nó de chomhlacht eiscthe, nó

(ii) toisc an fostaí a bheith nó gan bheith ag gabháil d'aon ghníomhaíochtaí thar ceann ceardchumainn nó comhlachta eiscthe.

(3) San alt seo, ciallaíonn “íospairt a imirt”, i ndáil le fostaí, aon ghníomh a dhéanamh (cibé acu trí ghníomh nó trí neamhghníomh) a dhéanann dochar, ar fhorais oibiachtúla, do leasanna an fhostaí nó dá dheabhail nó dá dea-bhail agus folaíonn sé aon ghníomh a shonraítear i gcód cleachtais, arna ullmhú faoi alt 42 den Acht Caidrimh Thionscail, 1990 i ndáil le hiompar a thoirmistear leis an alt seo, a bheith ina ghníomh a thagann faoi réim na habairte sin roimhe seo ach ní fholoíonn sé aon ghníomh arb é atá ann difhostú an fhostaí de réir bhrí na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2001.

(4) D'fhonn amhras a sheachaint, folaíonn “fostaí” san alt seo aon duine san fhostaíocht lena mbaineann arb é atá ina dhualgais nó ina dualgais nó a n-áirítear ina dhualgais nó ina dualgais an gnó nó an ghníomhaíocht lena mbaineann an fhostaíocht a bhainistiú.

Gearáin i dtaobh íospartha

9.—(1) Féadfaidh fostaí, ceardchumann, comhlacht eiscthe nó fostóir thar ceann agus le toiliú an fhostaí gearán a thíolacadh do choimisinéir um chearta á rá gur sháraigh duine *alt 8* i ndáil leis an bhfostaí.

(2) Déanfar gearán faoi *fho-alt (1)* a thíolacadh trí fhógra ina thaobh i scríbhinn a thabhairt do choimisinéir um chearta.

(3) Tabharfaidh an coimisinéir um chearta lena mbaineann cóip d'fhógra faoi *fho-alt (2)* don pháirtí nó do na páirtithe eile lena mbaineann.

(4) I gcás go dtíolacfar gearán do choimisinéir um chearta faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh an coimisinéir um chearta—

(a) deis a thabhairt do na páirtithe éisteacht a fháil agus aon fhianaise is iomchuí maidir leis an ngearán a thíolacadh;

(b) breith i scríbhinn a thabhairt i ndáil leis an ngearán;

- (c) an bhreith a chur in iúl do na páirtithe, agus
 - (d) cóip den bhreith a thabhairt don Chúirt.
- (5) Maidir le breith ó choimisinéir um chearta faoi *fho-alt (4)* déanfar ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas léi:
- (a) a dhearbhu go bhfuil nó, de réir mar a bheidh, nach bhfuil bonn leis an ngearán;
 - (b) a threorú go scoirfear den iompar is ábhar don ghearán;
 - (c) a cheangal ar an bhfreagróir cúiteamh a íoc leis an ngearánach, ar cúiteamh é de cibé méid (más ann) is cóir agus is cothromasach, i dtuairim an choimisinéara um chearta, sna himthosca ach nach mó ná luach saothair 2 bhliain i leith fhostaíocht an fhostaí.
- (6) Ní fhéadfar gearán faoin alt seo a thíolacadh do choimisinéir um chearta tar éis dheireadh na tréimhse 6 mhí ón tráth a tharla, nó, de réir mar is gá sa chás, ón tráth is déanaí a tharla, an t-iompar lena mbaineann an gearán.
- (7) D’ainneoin *fho-alt (6)*, féadfaidh coimisinéir um chearta aird a thabhairt ar ghearán faoin alt seo a thíolacfar dó nó di tar éis an tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)* a bheith caite, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an tréimhse sin a bheith caite, más deimhin leis nó léi go raibh cúis réasúnach leis an mainneachtain an gearán a thíolacadh laistigh den tréimhse sin.
- (8) Déanfar imeachtaí faoin alt seo os comhair coimisinéara um chearta a sheoladh ar dhóigh seachas go poiblí.
- (9) Coimeádfaidh coimisinéir um chearta clár de na breitheanna go léir a dhéanfaidh sé nó sí faoin alt seo agus cuirfidh sé nó sí an clár ar fáil lena iniúchadh ag daoine den phobal le linn gnáthuaireanta oifige.
- (10) San alt seo, forléireofar “fostaí” de réir *alt 8(4)*.

10.—(1) Féadfaidh páirtí lena mbaineann achomharc a dhéanamh chun na Cúirte i gcoinne breithe ó choimisinéir um chearta faoi *alt 9* agus má dhéanann an páirtí amhlaidh, déanfaidh an Chúirt—

Achomhairc chun na Cúirte

- (a) deis a thabhairt do na páirtithe éisteacht a fháil uaithe agus aon fhianaise is iomchuí maidir leis an achomharc a thíolacadh di,
 - (b) cinneadh a dhéanamh i scríbhinn i ndáil leis an achomharc ag daingniú nó ag athrú na breithe nó ag cur na breithe ar ceal, agus
 - (c) an cinneadh a chur in iúl do na páirtithe.
- (2) Tionscnóidh an páirtí lena mbaineann achomharc faoin alt seo trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Chúirt ina mbeidh cibé sonraí a chinnfidh an Chúirt faoi *fho-alt (4)* agus á rá go bhfuil ar intinn ag an bpáirtí lena mbaineann achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe. Tabharfar fógra den sórt sin i scríbhinn laistigh de 6 seachtaine ón dáta ar ar cuireadh an bhreith lena mbaineann sé in iúl don pháirtí nó cibé tréimhse is faide ná sin a chinnfidh an Chúirt sna himthosca áirithe.

(3) Tabharfaidh an Chúirt cóip d'fhógra faoi *fho-alt (2)* don pháirtí nó do na páirtithe eile lena mbaineann a luaithe is féidir tar éis don Chúirt an fógra a fháil.

(4) Cinnfidh an Chúirt na nithe seo a leanas, nó na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i ndáil leo, eadhon—

- (a) an nós imeachta i ndáil leis na nithe go léir a bhaineann leis an gCúirt do thionscnamh agus d'éisteacht achomharc faoin alt seo,
- (b) tráthanna agus ionaid éisteachtaí achomharc den sórt sin,
- (c) ionadaíocht na bpáirtithe in achomhairc den sórt sin,
- (d) cinntí ón gCúirt a fhoilsíú agus fógra a thabhairt ina dtaobh,
- (e) na sonraí a bheidh i bhfógra faoi *fho-alt (2)*,
- (f) aon nithe a leanfaidh as na nithe sin roimhe seo nó a ghabhann leo.

Cumhacht na Cúirte chun daoine a chur faoi mhionn agus iallach a chur ar fhinnéithe

11.—(1) Beidh cumhacht ag an gCúirt, ar achomharc arna dhéanamh chuici faoi *alt 10* a éisteacht, chun fianaise a ghlacadh faoi mhionn agus féadfaidh sí, chun na críche sin, a chur faoi deara daoine a fhreastalóidh mar fhinnéithe ag an éisteacht sin a chur faoi mhionn.

(2) Aon duine a dhéanfaidh, agus é nó í á scrúdú faoi mhionn a bheidh údaraithe leis an alt seo, ráiteas atá ábhartha chun na críche sin agus is eol dó nó di a bheith bréagach nó nach gcreideann sé nó sí a bheith fíor a thabhairt go toiliúil, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) Féadfaidh an Chúirt, trí fhógra chuige sin a thabhairt i scríbhinn d'aon duine, a cheangal ar an duine sin freastal cibé tráth agus i cibé áit a shonrófar san fhógra chun fianaise a thabhairt i ndáil le hachomharc arna dhéanamh chun na Cúirte faoi *alt 10* nó aon doiciméid a thabhairt ar aird a bheidh ina sheilbh nó ina seilbh, ina choimeád nó ina coimeád nó faoina rialú aige nó aici agus a bhainfidh le haon ní den sórt sin.

(4) Féadfar fógra faoi *fho-alt (3)* a thabhairt trína sheachadadh ar an duine lena mbainfidh sé nó trína chur leis an bpost i litir chláráithe réamhíoctha a bheidh dírithe chuig an duine sin ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi.

(5) Aon duine a mbeidh fógra faoi *fho-alt (3)* tugtha dó nó di agus a dhiúltóidh nó a fhailleoidh go toiliúil freastal de réir an fhógra nó, tar éis dó nó di freastal amhlaidh, a dhiúltóidh fianaise a thabhairt nó a dhiúltóidh nó a mhainneoidh go toiliúil aon doiciméad lena mbainfidh an fógra a thabhairt ar aird, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná €3,000 a chur air nó uirthi.

(6) Beidh na pribhléidí agus na díolúintí céanna ag finné in éisteacht achomhairc os comhair na Cúirte atá ag finné os comhair na hArd-Chúirte.

Tarchur chun na hArd-Chúirte

12.—(1) Féadfaidh an Chúirt ceist dlí a éireoidh in imeachtaí os a comhair faoi *alt 10* a tharchur chun na hArd-Chúirte lena cinneadh agus is cinneadh críochnaitheach dochloíte cinneadh na hArd-Chúirte.

(2) Féadfadh páirtí in imeachtaí os comhair na Cúirte faoi *alt 10* achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte in aghaidh cinnidh ón gCúirt ar phonc dlí agus is cinneadh críochnaitheach dochloíte cinneadh na hArd-Chúirte.

13.—(1) Má mhainníonn aon pháirtí i ngearán breith ó choimisinéir um chearta nó cinneadh ón gCúirt faoi *alt 9* nó *10* a chur i gcrích de réir théarmaí na breithe nó an chinnidh laistigh de 6 seachtaine ón dáta a chuirfear an bhreith nó an cinneadh in iúl do na páirtithe, déanfaidh an Chúirt Chuarda, ar iarratas chuici chuige sin—

Forfeidhmíú ag an gCúirt Chuarda

(a) ón bhfostaí lena mbaineann, nó

(b) le toiliú an fhostaí, ó aon cheardchumann nó comhlacht eiscthe ar comhalta de an fostaí,

gan an freagróir nó aon fhianaise a éisteacht (seachas i ndáil leis na nithe réamhráite) ordú á threorú don fhreagróir an bhreith nó an cinneadh a chur i gcrích de réir théarmaí na breithe nó an chinnidh.

(2) Maidir leis an tagairt i *bhfo-alt (1)* do bhreith ó choimisinéir um chearta nó do chinneadh ón gCúirt, is tagairt í do bhreith nó do chinneadh den sórt sin arb amhlaidh i ndáil léi nó leis, ar éag don tráth chun achomharc a dhéanamh ina coinne nó ina choinne, nach mbeidh aon achomharc den sórt sin déanta nó, más rud é go mbeidh achomharc den sórt sin déanta, gur tréigeadh an t-achomharc sin, agus déanfar an tagairt don dáta a chuirfear an bhreith nó an cinneadh in iúl do na páirtithe, i gcás ina dtréigfear achomharc den sórt sin, a fhorléiriú mar thagairt do dháta an tréigin sin.

(3) Maidir le hiarratas faoin alt seo chun na Cúirte Cuarda déanfar é chun an bhreithimh den Chúirt Chuarda don chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar an bhfreagróir nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, trádáil nó gnó, nó ina bhfuil príomhoifig an fhreagróra.

14.—Leasaítear an Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Caidrimh Thionscail, 1990 trí “€3,000” a chur in ionad “£1,000” agus “€1,000” a chur in ionad “£200” i gcolún 3, ag uimhir thagartha 7.

Leasú ar an Acht Caidrimh Thionscail, 1990

15.—Leasaítear an tAcht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 in alt 10 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

Leasú ar an Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984

“(2A) I gcás go ndéanfaidh an tAire íocaíocht le fostaí faoi alt 6(2)(a)(iii)(II) (arna chur isteach le halt 15 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 2003) den Acht seo, beidh an íocaíocht sin inghnóthaithe ag an Aire mar fhiach a bheidh le híoc i dtosaíocht ar gach fiach eile—

(a) faoi alt 81 den Acht Féimheachta, 1988, nó

(b) faoi alt 285 (arna leasú le halt 10 d’Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1982 agus le halt 134 d’Acht na gCuideachtaí, 1990) d’Acht na gCuideachtaí, 1963,

agus déileálfar, chun gach críche, le haon mhéid den íocaíocht sin a bheadh, murach an teorainn a shocraítear le halt 6(4)(a) (agus a fhéadfar a athrú le rialacháin faoi alt 11(5)), iníoctha le fostaí ionann is dá mb’íocaíocht í a cheanglaítear a íoc de bhua dámhachtana faoi alt 12(1) d’Acht 1973.”.

[Uimh. 4.] *An tAcht Caidrimh Thionscail (Forálacha [2004.] Ilghnéitheacha), 2004.*

Aisghairm

16.—Aisghairtear alt 9 d’Acht 2001.

Gearrtheideal,
comhlua, forléiriú
agus tosach feidhme

17.—(1) Féadfar an tAcht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 a ghairm den Acht seo.

(2) Déanfar an tAcht seo, a mhéid a bhaineann sé leis na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946 go 2001, agus na hAchtanna sin a fhorléiriú le chéile mar aon ní amháin agus féadfar na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946 go 2004 a ghairm díobh le chéile.

(3) Déanfar *alt 15*, a mhéid a bhaineann sé leis na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 go 2001, an fo-alt seo agus na hAchtanna sin a fhorléiriú le chéile mar aon ní amháin agus féadfar na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 go 2004 a ghairm díobh le chéile.

(4) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€2.54

